Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2024/0000(INI)

15.10.2024

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2024
(2024/0000(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: David McAllister

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 16

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar chur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2024
(2024/0000(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 14, 16, 21, 24, 36 agus 41 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[1],

– ag féachaint do thuarascáil an 20 Meitheamh 2024 ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (Leas-Uachtarán/Ardionadaí) dar teideal *Common Foreign and Security Policy Report – Our Priorities in 2024* [Tuarascáil ar an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála – Ár dTosaíochtaí in 2024],

– ag féachaint don phlean gníomhaíochta *Strategic Compass for Security and Defence – For a European Union that protects its citizens, values and interests and contributes to international peace and security* [Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint – Ar mhaithe le hAontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a rannchuidíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta], agus a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 21 Márta 2022,

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 22 Márta 2024, an 18 Aibreán 2024 agus an 27 Meitheamh 2024,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 18 Márta, an 22 Aibreán, an 24 Bealtaine, an 24 Meitheamh agus an 22 Iúil,

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528[2],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2024),

A. de bhrí go bhfuil luas an athraithe gheopholaitiúil suntasach, agus gníomhaithe uathlathacha ag obair ina n-aonar agus i ngníomhaíocht chomhbheartaithe chun an bonn

[1] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.
[2] IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/2024-03-18.

a bhaint den ord idirnáisiúnta atá riailbhunaithe agus dá eagraíochtaí iltaobhacha; de bhrí go bhfuil coinbhleachtaí ag dul i méid agus go bhfuil úsáid fornirt ag éirí níos normalaithe mar bhealach chun cuspóirí polaitiúla a shaothrú ag stáit agus ag gníomhaithe neamhstáit araon;

B. de bhrí gur chuir an comhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil AE ag feidhmiú béim ar an ngá atá le gníomhaíocht AE níos uaillmhianaí, níos inchreidte agus níos aontaithe ar an leibhéal domhanda agus gur leag sé béim ar a riachtanaí atá sé go léireodh na Ballstáit an toil pholaitiúil is gá chun an comhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) a athshainiú ina bheartas lánfheidhme de chuid AE; de bhrí gur cheart go mbeadh na luachanna agus na prionsabail a chumhdaítear in Airteagal 2, Airteagal 3(5) agus Airteagal 21 CAE mar threoir ag AE ina ghníomhaíocht sheachtrach, a spreag féinchruthú, féinfhorbairt agus féinmhéadú AE; de bhrí gur cheart do AE, dá réir sin, seasamh ar son na saoirse agus ar son caighdeáin dhaonlathacha ar fud an domhain, chomh maith le huilíocht chearta an duine;

C. de bhrí go ndéantar athbhreithniú ar dtús sa tuarascáil seo ar thuarascáil bhliantúil CBES ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus go gcomhlánaítear í ina dhiaidh sin le seasaimh na Parlaiminte maidir le cuspóirí CBES in 2025; de bhrí, agus an méid sin á dhéanamh sa tuarascáil, go leathnaítear sa tuarascáil go háirithe ar (1) iarmhairtí domhanda chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, (2) coinbhleacht agus síocháin sa Mheánoirthear, (3) comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn agus (4) infheictheacht ghinearálta ghníomhaíocht AE thar lear; de bhrí go gcuirtear le fios go láidir, ar deireadh, le seasamh réamhbhreathnaitheach na Parlaiminte maidir le CBES ar phríomhéilimh a bhaineann leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile agus le formhaoirseacht pharlaiminteach ar CAI;

D. de bhrí, i réimse CBES, go bhfeidhmíonn Parlaimint na hEorpa feidhmeanna um rialú polaitiúil agus feidhmeanna comhairliúcháin; de bhrí go bhfeidhmíonn sí an fheidhm bhuiséadach don réimse beartais sin i gcomhpháirt leis an gComhairle, cé is moite de chásanna ina gcinneann an Chomhairle d’aon toil go muirearaítear an caiteachas ar na Ballstáit; de bhrí gur gá do Pharlaimint na hEorpa a hinniúlachtaí uile a fheidhmiú go hiomlán chun dlisteanacht dhaonlathach CBES a mhéadú; de bhrí gur gá do na hinstitiúidí eile a gcomhar le Parlaimint na hEorpa a choigeartú dá réir sin;

I. Tuarascáil bhliaintúil 2024 ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí

1. ag tabhairt dá haire gur cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa an 20 Meitheamh 2024; á mheabhrú gur cheart go mbeadh an tuarascáil réamhbhreathnaitheach; ag trácht anseo feasta ar roinnt forbairtí ar leag an Leas-Uachtarán/Ardionadaí béim orthu ina thuarascáil;

2. á chur in iúl gur geal léi go háirithe an méid seo a leanas:

   - tabhairt chun críche rathúil an phróisis scagtha don Albáin ag deireadh 2023; ag athdhearbhú na hiarrata go rachfaí i mbun na chéad chéime eile den chaibidlíocht gan a thuilleadh moille; á thabhairt chun suntais gur gá athchóirithe a threisiú tuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh atá fós ann maidir leis na ‘nithe bunúsacha’;

- oscailt na caibidlíochta aontachais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin; ag spreagadh na n-údarás na céimeanna ábhartha uile a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022 a dhéanamh; á chur in iúl gur saoth léi reitric ghríosaitheach athfhillteach agus dlíthe agus beartais scarthacha cheannaireacht an eintitis 'Republika Srpska' agus á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé láithreacht EUFOR Althea a bheith feiceálach;

- an dul chun cinn san Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine, go háirithe i réimsí na saorghluaiseachta agus an fhuinnimh; á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na conaire i dtreo an normalaithe agus á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí caidrimh a normalú agus an t-idirphlé arna éascú ag an Aontas a fhorbairt, agus acmhainneacht a dhíriú ina leith;

- an dul chun cinn atá déanta ag Montainéagró maidir leis na tagarmharcanna eatramhacha le haghaidh Chaibidlí 23 agus 24 de *acquis* AE a chomhlíonadh; ag spreagadh na tíre leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóirithe a bhaineann AE agus iad a chur chun feidhme go pras;

- tabhairt chun críche rathúil an phróisis scagtha don Mhacadóin Thuaidh ag deireadh 2023; á iarraidh go rachfaí i mbun na chéad chéime eile den chaibidlíocht gan a thuilleadh moille; á iarraidh ar Rialtas na Macadóine Thuaidh oibriú go cuiditheach le tíortha comharsanachta chun deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann chun dul ar aghaidh leis an gcaibidlíocht aontachais;

- atosú rathúil idirphlé CBES idir AE agus a chomhpháirtithe sna Balcáin Thiar agus a thábhachtaí atá na comhpháirtíochtaí sin don tsíocháin agus don tslándáil; á mheabhrú gur infheistíocht gheostraitéiseach é méadú AE, lena n-éilítear tiomantas ó AE agus ó thíortha an mhéadaithe araon agus iad ag dul i dtreo an aontachais; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, go bhfuil gá leanúnach le hathchóirithe maidir leis an smacht reachta, cearta bunúsacha agus riarachán poiblí, agus le hailíniú le CBES, lena n-áirítear maidir le smachtbhannaí;

- an cinneadh tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin agus leis an Moldóiv; ag moladh an fhíorais go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ráta ailínithe na Moldóive maidir le CBES, ó 54 % in 2022 go 86 % in 2024; á iarraidh go gcuirfí dlús leis an bpróiseas scagtha agus go n-eagrófaí na comhdhálacha idir-rialtasacha ina dhiaidh sin go tráthúil;

- na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Airméin agus ag an Asarbaiseáin a gcaidreamh a normalú; ag spreagadh dóibh comhaontú cuimsitheach síochána a shíniú gan mhoill;

3. ag cáineadh go háirithe an méid seo a leanas:

- cogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus ionsaithe méadaitheacha na Rúise ar thargaidí sibhialtacha agus ar bhonneagar sibhialtach laistigh den Úcráin; á éileamh go gcuirfeadh an Rúis agus a seachfhórsaí deireadh le gach gníomhaíocht mhíleata agus go ndéanfadh ceannaireacht na Rúise a trúpaí a tharraingt siar láithreach agus gan choinníoll ón Úcráin agus ó aon tír eile a bhfuil a críoch, nó codanna di, faoi fhorghabháil go neamhdhleathach aici;

- ról réimeas neamhdhlisteanach Aliaksandr Lukashenka as ceannasacht náisiúnta a thabhairt suas, a bheag nó a mhór, don Chreimil chun a greim ar an mBealarúis a choinneáil;

- an méadú atá ag teacht ar ghníomhaíochtaí mailíseacha, trasnaíocht agus cogaíocht hibrideach arna n-imscaradh ag Cónaidhm na Rúise, a hinstitiúidí agus a seachionadaithe chun an bonn a bhaint de chobhsaíocht dhaonlathach agus ceannasacht Phoblacht na Moldóive, agus chun an chobhsaíocht agus ceannasacht sin a threascairt;

- na hionsaithe sceimhlitheoireachta brúidiúla agus neamh-idirdhealaitheacha a rinne Hamas ar fud Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, a spreag coinbhleacht in Gaza a bhfuil éifeacht dhíréireach aici ar shibhialtaigh agus atá ina cúis le staid dhaonnúil thubaisteach;

- neamhchomhlíonadh leanúnach na hIaráine maidir lena hoibleagáidí coimirce dlíthiúla faoin bPlean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta (PCCG) agus cur chun cinn a cláir núicléach ar bhealach a sháraíonn gach bonn cirt sibhialtach inchreidte;

- saoránaigh Eorpacha a choinneáil go héagórach san Iaráin; ag tathant ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí a dhícheall a dhéanamh chun na saoránaigh sin a shaoradh agus deireadh a chur le cleachtas thaidhleoireacht giall na hIaráine;

- an dlí a glacadh le déanaí maidir le ‘cur chun cinn na suáilce agus cosc na duáilce’ san Afganastáin, chomh maith leis an sárú córasach ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha, go háirithe an léirmhíniú míchuibheasach ar an sharia a scriosann mná ón saol poiblí, a chuireann toirmeasc orthu a bheith ag obair, a chuireann bac ar a rochtain ar chúram sláinte gan gaol fireann a bheith ina éineacht leo agus ar oideachas níos airde ná an séú grád; á éileamh ar údaráis *de facto* na hAfganastáine deireadh a chur le gach srian inscnebhunaithe ar mhná agus á chur i bhfáth nach mór é sin a bheith ina phríomhchoinníoll d’aon rannpháirtíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta leis an Talaban; á áitiú go gcoinneofaí rannpháirtíocht dhian agus choinníollach leis an Talaban bunaithe ar na cúig thagarmharc atá leagtha síos ag an gComhairle chun dul i mbun rannpháirtíochta leis na húdaráis *de facto*, agus déantóirí na sáruithe tromchúiseacha sin ar chearta na gcailíní agus na mban a thabhairt chun cuntais, lena n-áirítear trí bhearta sriantacha;

- an méadú atá ag teacht ar fhairsinge agus ar dhéine oibríochtaí shoithí agus aerárthaí Rialtais na Síne lena ndéantar imeaglú ar chomharsana na Síne; ag cáineadh an chórais saothair éigeantais faoi stiúir an rialtais agus choireanna na Síne in aghaidh na daonnachta in Xinjiang;

- an cinneadh a rinne réimis mhíleata na Saiheile láir i mBuircíne Fasó, i Mailí agus sa Nígir Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) a fhágáil, rud a d’fhág ECOWAS i ngéarchéim dhomhain pholaitiúil; ag cur sonrú i ndúnadh *de facto* Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) agus i neamh-athnuachan Mhisean Oiliúna an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUTM);

- réimeas forlámhach Daniel Ortega agus Rosario Murillo, a bhfuil an bonn á bhaint de struchtúir dhaonlathacha Nicearagua go córasach acu; á mheabhrú go gcoinníonn an réimeas i Nicearagua naisc láidre le huathlathais eile, amhail uathlathais san Iaráin, i Veiniséala agus i gCúba; ag cáineadh go láidir na sáruithe agus na mí-úsáidí córasacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag réimeas Chúba; ag cáineadh go láidir na calaoise toghcháin a d'eagraigh an réimeas i Veiniséala agus ag diúltú go hiomlán don chalaois sin agus á éileamh go gcuirfeadh rialtas Maduro deireadh lena bheartas cos ar bolg agus lena ionsaithe ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra;

4. á chur in iúl go bhfuil sí ag teacht leis an méid seo a leanas:

- an gá atá le feabhas a chur ar an gcaidreamh leis an Tuirc; á chur in iúl gur geal léi an díghéarú páirteach ar an teannas sa Mheánmhuir Thoir agus sa Mhuir Aeigéach; á athdhearbhú gur cúis bhuartha di go bhfuil beartas eachtrach na Tuirce fós ag teacht salach ar thosaíochtaí AE faoi CBES;

- a phráinní atá sé go mbogfadh AE agus Rialtas na Tuirce ar aghaidh i dtreo próiseas machnaimh fhrithpháirtigh as a dtiocfaidh comhpháirtíocht a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, a bheidh níos dinimiciúla agus níos straitéisí, i bhfianaise an phríomhróil atá ag an Tuirc sa réigiún agus a thábhachtaí atá sí mar chomhghuaillí de chuid ECAT;

- an fíoras go bhfuil iarracht neamhleor á déanamh ag an Tuirc i dtaobh ailíniú le comhbheartas eachtrach agus slándála AE, lena n-áirítear maidir le smachtbhannaí agus frith-imchéimniú smachtbhannaí, chomh maith leis an ngá atá ann go gcomhoibreodh an Tuirc go dlúth le Toscaire Smachtbhannaí AE; á chur in iúl gur saoth léi cineál do-ghlactha na dlúthpháirtíochta agus na tacaíochta a chuir Uachtarán na Tuirce ar fáil go poiblí don eagraíocht sceimhlitheoireachta Hamas;

- an iarraidh ar an Tuirc oibriú ar chur chuige cuiditheach, nach bhfuil teanntásach ná ionsaitheach, ina comharsanacht;

- an fíoras go bhfuil an dlí maidir le 'trédhearcacht an tionchair eachtraigh', an dlí maidir le 'luachanna teaghlaigh agus cosaint mionaoiseach', chomh maith leis na hathruithe ar an gCód Toghcháin sa tSeoirsia, ar neamhréir le luachanna agus prionsabail dhaonlathacha AE; á mheabhrú go ndéanfar measúnú ar iarratas na Seoirsia ar aontachas le AE ar bhonn a fiúntais féin agus ar bhonn rath na tíre i dtaobh critéir Chóbanhávan maidir le ballraíocht in AE a chomhlíonadh;

- an chúis bhuartha maidir le brú na Rúise agus na Síne a cuireadh i bhfeidhm san Áise Láir agus á chur i bhfáth gur gá láithreacht AE san Áise Láir a mhéadú mar fhreagairt air sin; á chur i bhfios go láidir gur chun leasa AE é caidreamh eacnamaíoch a mhéadú agus naisc pholaitiúla le tíortha na hÁise Láir a threisiú, i bpáirt chun aghaidh a thabhairt ar imchéimniú na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise;

- an fíoras go bhfuil tábhacht gheostraitéiseach ag baint leis an Artach maidir le leathnú na mbealaí muirí féideartha, rochtain ar acmhainní nádúrtha, caomhnú na haeráide, éilimh chríche, *inter alia* mar gheall ar leathnú míleata na Rúise san Ard-

Thuaisceart, agus saoirse agus sábháilteacht na loingseoireachta;

II. Cuspóirí CBES in 2025

5. ag aithint, sa roinn seo a leanas, cuspóirí na Parlaiminte maidir le CBES in 2025, agus ar an gcaoi sin na tuairimí a cuireadh in iúl i dtuarascáil bhliantúil CBES ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí a chomhlánú;

Aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí domhanda chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine

6. á thabhairt dá haire go bhfuil gníomhaithe uathlathacha ar fud an domhain ag féachaint go géar ar fhreagairt AE ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus go mbeidh tionchar cinntitheach aici maidir lena n-iompar a mhúnlú ar an leibhéal idirnáisiúnta;

7. á iarraidh ar an Úcráin leanúint dá dul chun cinn maidir le ballraíocht in AE agus úsáid á baint as na hacmhainní uile a chuirtear ar fáil di faoin tSaoráid don Úcráin agus a áirithiú go mbeidh a sochaí shibhialta rannpháirteach go fóinteach i gcéimeanna cur chun feidhme agus faireacháin na ballraíochta sin;

8. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit cúnamh daonnúil, tacaíocht mhíleata, cabhair eacnamaíoch agus airgeadais agus tacaíocht pholaitiúil a chur ar fáil ar gach bealach is féidir go dtí go mbuafaidh an Úcráin chun deireadh a chur le cogadh foghach na Rúise ar deireadh agus chun lamháil don Úcráin a muintir uile a shaoradh agus smacht iomlán a athbhunú laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; á chur i bhfios go láidir go háirithe go bhfuil géarghá le hacmhainneachtaí aerchosanta méadaithe a chur ar fáil don Úcráin chun a bonneagar criticiúil fuinnimh a chosaint roimh an ngeimhreadh atá le teacht, agus á iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur láithreach le srianta ar úsáid chórais arm an iarthair a sheachadtar chuig an Úcráin i gcoinne spriocanna míleata dlisteanacha ar chríoch na Rúise;

9. á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit éifeachtacht a 14 phacáiste smachtbhannaí a glacadh go dtí seo a threisiú agus cinn nua a ghlacadh a luaithe is gá; á iarraidh go mbeadh comhar éifeachtach ann le comhpháirtithe atá ar aon intinn ar fud an domhain chun an brú ar an Rúis a mhéadú;

10. ag tacú go daingean leis an bplean síochána 10 bpointe a chuir Uachtarán na hÚcráine, Zelenskyy, chun tosaigh agus á mheabhrú gur gá aon tionscnamh atá dírithe ar dheireadh a chur le cogadh foghach na Rúise a bhunú ar ionchur arna sholáthar ag an Úcráin agus gur gá go mbeadh glacadh ag muintir na hÚcráine leis ar deireadh;

11. á athdhearbhú go bhfuil an ceart dlisteanach féinchosanta ag an Úcráin, mar íospartach ionsaithe, i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí, ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit lena mbaineann frithbhearta éifeachtacha na hÚcráine i gcoinne na Rúise a chumasú; á mheabhrú go bhfuil an dlí idirnáisiúnta sáraithe ag an Rúis agus gur céim iomchuí í urghabháil iomlán shócmhainní reoite na Rúise i dtreo oibleagáid na Rúise cloí leis an dlí idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú, agus an Úcráin agus daoine díobhálaithe eile a chúiteamh i leith na gcaillteanas a d'eascair as cogadh foghach na Rúise;

12. á chur i bhfios go láidir a phráinní atá sé go n-éileodh AE agus a Bhallstáit go gcruthófaí binse idirnáisiúnta speisialta chun coir an fhogha a rinne ceannaireacht pholaitiúil agus mhíleata Chónaidhm na Rúise agus a comhghuaillithe i gcoinne na hÚcráine a ionchúiseamh;

13. ag moladh an togra ón gCoimisiún maidir le Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin a bhunú, ar fiú thart ar EUR 35 bhilliún é, a fhreagraíonn don iarraidh ón bParlaimint agus a chuireann leis an gcinneadh ón gComhairle ioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní blocáilte stáit na Rúise a dhíriú ar Chiste Cúnaimh don Úcráin agus don tSaoráid don Úcráin, agus a chuireann le cinneadh G7 iasacht USD 50 billiún a thairiscint don Úcráin arna hurrú trí shócmhainní blocáilte stáit na Rúise;

14. á mheabhrú go bhfuil dlúthbhaint ag slándáil Phoblacht na Moldóive le slándáil na hÚcráine agus á mheas gurb í Poblacht na Moldóive an dara líne chosanta don mhodh maireachtála Eorpach; á chreidiúint gur infheistíocht gheostraitéiseach in Eoraip aontaithe agus láidir a bheadh in aontachas na hÚcráine agus na Moldóive araon le AE; ag spreagadh an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí chun comhpháirtíocht CBES leis an Úcráin agus leis an Moldóiv a fheabhsú trí bhearta nithiúla agus, go háirithe, trí bhearta lena n-áirithítear dosháraitheacht theorainneacha stáit an dá thír agus eatarthu;

Coinbhleacht a réiteach agus tacú leis an tsíocháin sa Mheánoirthear

15. á dhearbhú go bhfuil sé de cheart ag Iosrael é féin a chosaint mar a chumhdaítear sa dlí idirnáisiúnta agus mar a shriantar leis an dlí idirnáisiúnta; á iarraidh go scaoilfí saor láithreach agus gan choinníoll na gialla uile agus go mbeadh sos comhraic láithreach agus buan ann ina dhiaidh sin chun aghaidh a thabhairt ar riosca an oll-ocrais agus ar ráig eipidéime sláinte in Gaza; á mheabhrú go bhfuil sé d'oibleagáid ar Iosrael freisin an pobal sibhialtach a chosaint agus nach mór oibríochtaí míleata a bheith comhréireach agus i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

16. á athdhearbhú go dtacaíonn sí go daingean le réiteach dhá stát caibidlithe ar bhonn theorainneacha 1967, agus dhá stát cheannasacha dhaonlathacha mar chomharsana síochánta agus Iarúsailéim mar phríomhchathair chomhroinnte acu; ag cáineadh an ghéaraithe ar lonnaíocht neamhdhleathach Iosrael ar thalamh Palaistíneach, ar sárú é ar an dlí idirnáisiúnta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar an bhforéigean arna dhéanamh ag fórsaí Iosrael agus ag lonnaitheoirí antoisceacha sa Bhruach Thiar agus in Iarúsailéim Thoir; á chur in iúl go dtacaíonn sí le Plean Síochána 3 chéim Uachtarán na Stát Aontaithe, Biden, agus á chur in iúl gur oth léi an easpa tola ar an dá thaobh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é; á chur in iúl gur oth léi, thairis sin, nár tháinig aon torthaí inbhraite as na babhtaí cainteanna síochána is déanaí;

17. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an teannas atá ag dul i méid sa Mheánoirthear agus an ról díchobhsaitheach atá ag réimeas na hIaráine agus ag a líonra gníomhaithe neamhstáit sa réigiún; ag tathant ar na páirtithe uile an ghuaim is mó a choinneáil orthu féin, gealltanas a thabhairt maidir le díghéarú agus staonadh ó aon ghéarú breise, ós rud é nach mór coinbhleacht réigiúnach a sheachaint ar ais nó ar éigean; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí taidhleoireachta le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus dlús a chur leo, lena n-áirítear le tíortha na Murascaille, chun díghéarú práinneach agus idirphlé fóinteach a spreagadh;

18. á chur in iúl gur geal léi cinneadh AE smachtbhannaí i gcoinne na hIaráine a athnuachan go dtí mí Iúil 2025, lena n-áirítear trí smachtbhannaí a chur ar tháirgeadh ladrann agus diúracán gan foireann ag an Iaráin agus ar sholáthar na ladrann agus na ndiúracán sin ag an Iaráin don Rúis agus do réigiún an Mheánoirthir i gcoitinne; á chur i bhfios go n-áirítear ar na roghanna smachtbhannaí nár ídíodh go fóill cur chuige atá i bhfad níos sriantaí i leith aistrithe teicneolaíochta trí onnmhairiú táirgí nach bhfuil aicmithe mar ‘táirgí dé-úsáide’; á mheabhrú gur iarr Parlaimint na hEorpa go gcuirfí Hezbollah agus Cór Gharda Réabhlóideach Ioslamach na hIaráine (IRGC) le liosta AE d’eagraíochtaí sceimhlitheoireachta;

19. á thabhairt chun suntais go bhfuil naisc láidre idir an Iaráin agus IRGC, a sheachionadaithe, amhail na Houthi, mílístí Iarácacha agus Siriacha, agus eagraíochtaí atá ar liosta AE de sceimhlitheoirí, eadhon Hamas agus sciathán míleata Hezbollah; á iarraidh ar an gComhairle agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí Hezbollah a chur ina iomláine le liosta AE d’eagraíochtaí sceimhlitheoireachta; á chur in iúl gur saoth léi ionsaithe Hezbollah i gcoinne Iosrael a bhfuil ionradh talún Iosrael sa Liobáin mar thoradh orthu; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an staid sa Liobáin agus á mheabhrú gur gá deireadh a chur leis an gcogaíocht a luaithe is féidir chun spás a chruthú do réiteach taidhleoireachta feadh na Líne Goirme, i gcomhréir le Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mar an t-aon bhealach amháin chun an teannas a dhíghéarú agus an teorainn idir Iosrael agus an Liobáin a chobhsú ar bhealach marthanach;

20. á chur in iúl go bhfuil sí ar aon intinn leis an gcuspóir cosc a chur ar an Iaráin airm núicléacha a fháil ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile; á chur i bhfios, áfach, gur léir gur dhiúltaigh an réimeas in Tehran d’athbheochan PCCG agus, ag an am céanna, gur mhéadaigh sé a chumas arm núicléach; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil aon straitéis i bhfeidhm faoi láthair chun a chur ina luí ar an Iaráin staonadh ó acmhainneacht mhíleata núicléach a fhorbairt, ná nach ann do phlean gníomhaíochta i gcás go dtrasnódh an Iaráin an tairseach núicléach; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí straitéis athbhreithnithe a chur ar aghaidh i leith na hIaráine;

21. á chur i bhfios go láidir gur gá do AE a láithreacht éifeachtach sa réigiún a mhéadú, ar gach bealach atá ar fáil dó, agus á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí tosaíocht a dhéanamh de sin dá oifig agus don CAI atá le teacht;

Comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn a dhreasú

22. á thabhairt chun suntais go bhfuil an domhan ag éirí níos ilpholaí agus go bhfuil an iltaobhacht ag laghdú; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart fóraim iltaobhacha, na Náisiúin Aontaithe agus a chuid gníomhaireachtaí ina gceann feadhna i measc na bhfóram sin, a mheas mar an fhormáid chomhair is fearr le AE; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ina leith sin, ábharthacht mhéadaitheach na bhformáidí eisiacha comhair, a mbíonn iomaíocht mhéadaitheach ag baint leo; á thabhairt faoi deara, ag an am céanna, go bhfuil institiúidí agus noirm idirnáisiúnta á n-ionstraimiú níos mó agus níos mó; á chur i bhfáth go gcuireann an treocht sin AE i staid íogair, lena n-aimsítear cothromaíocht idir an gá atá le coincheap iltaobhachais leathan agus cuimsitheach a iarraidh agus tosaíocht a thabhairt ag an am céanna don chomhar le comhpháirtithe roghnaithe atá ar aon intinn leis;

23. á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil éiginnteacht radacach agus aistriú ó chomhar go hiomaíocht fós ag baint leis an gcomhthéacs geopholaitiúil ina bhfuil AE ag feidhmiú; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil gach cineál idirghníomhaíochta á úsáid mar arm agus ag tabhairt dá haire go gcuireann an treocht sin isteach ar an gcomhar idirnáisiúnta tráth nach mór dlús a chur le haistrithe domhanda chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin dhomhanda; á mheabhrú nach bhfuil sé d'acmhainn ag AE iompú isteach chuige féin agus nach mór dó fanacht oscailte agus rannpháirteach ar domhan;

24. á mheabhrú a thábhachtaí atá comhpháirtíocht láidir agus chuiditheach leis an Ríocht Aontaithe; á chur in iúl gur geal léi an spreagadh athnuaite ó Rialtas nua na Ríochta Aontaithe machnamh a dhéanamh in éineacht le AE ar dheiseanna le haghaidh beartas eachtrach agus comhar slándála níos dlúithe, rud a bheadh ina bhreisluach do AE agus don Ríocht Aontaithe araon; á éileamh go mbeadh an Pharlaimint rannpháirteach go cuí sa mhachnamh sin agus go gcuirfí ar an eolas í ina leith;

25. á mheabhrú go bhfuil an caidreamh trasatlantach fós ar an gcaidreamh is tábhachtaí agus is straitéisí do AE agus dá Bhallstáit, ar cuireadh béim air le haontacht agus neart na comhpháirtíochta a léiríodh tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil caidreamh láidir trasatlantach fós fíor-riachtanach do shlándáil na gcomhpháirtithe ar an dá thaobh den Atlantach; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún naisc níos dlúithe a chothú leis na príomh-chomhpháirtithe sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada araon chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda a dhéanann difear dár luachanna, dár leasanna, dár slándáil agus dár rathúnas comhroinnte;

26. á chur in iúl gur geal léi an dlúthchaidreamh le tíortha in iarthar na hEorpa nach bhfuil in AE agus, go háirithe, an comhar thar barr i réimsí áirithe de ghníomhaíocht sheachtrach AE; ag tathant ar an gCoimisiún an caidreamh déthaobhach idir AE agus an Eilvéis a nuachóiriú agus a neartú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé caidreamh níos láidre fós a chothú leis an Iorua; á iarraidh go síneofar go pras an Comhaontú Comhlachais idir AE agus Andóra agus San Mairíne;

27. á athdhearbhú go bhfuil réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach atá síochánta, cobhsaí agus riailbhunaithe ina leas Eorpach ríthábhachtach; ag spreagadh, chun na críche sin, naisc níos dlúithe maidir leis an mbeartas eachtrach, slándála agus cosanta le comhpháirtithe atá ar aon intinn sa réigiún i gcomhréir le straitéis AE maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach; ag spreagadh an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí infheictheacht agus éifeacht ghníomhaíocht sheachtrach AE a chur chun cinn in éineacht lenár gcomhpháirtithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, go háirithe an Astráil, an Nua-Shéalainn, an Chóiré Theas agus an tSeapáin;

28. á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, an chomhpháirtíocht dhomhain chuimsitheach atá ag AE leis an tSeapáin, ar cheart an chomhpháirtíocht sin a bheith ina heiseamláir do chomhpháirtíocht dhéthaobhach thairbheach lena lamháiltear múnlú éifeachtach beartais i gcomhthéacsanna iltaobhacha; ag tabhairt dá haire go bhfuil AE agus an tSeapáin ag ceiliúradh 50 bliain de chaidreamh taidhleoireachta in 2024 agus ag cur béim láidir ar leas AE an chomhpháirtíocht sin a neartú agus a leathnú go déthaobhach sna 50 bliain amach romhainn; ag aithint an róil bhunúsaigh atá ag an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir AE agus an tSeapáin agus ag an gComhaontú Comhpháirtíochta

Straitéisí (SPA) idir AE agus an tSeapáin ina gcaidreamh tráth a bhfuil suaitheadh geopholaitiúil ann; ag spreagadh an dá thaobh chun an toil pholaitiúil is gá a léiriú chun an SPA a dhaingniú, go háirithe Ballstáit eile de chuid AE nach ndearna amhlaidh go fóill;

29. á mheas go bhfuil teacht chun cinn na Síne fós ar cheann de phríomhdhúshláin gheopholaitiúla an 21ú haois agus go bhfuil gá le freagairt ilghnéitheach trína gcoinníonn AE a rannpháirtíocht leis an tSín maidir le roinnt príomh-shaincheisteanna; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht taidhleoireachta a choinneáil agus, ag an am céanna, teanntás AE i leith na Síne a mhéadú chun go nglacfaidh sí a freagracht uirthi féin mar bhuanchomhalta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

30. á athdhearbhú gur príomh-chomhpháirtí de chuid AE í an Téaváin agus gur comhghuaillí daonlathach í sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach; á aithint a thábhachtaí atá an Téaváin maidir le slabhraí soláthair domhanda a áirithiú, go háirithe san earnáil ardteicneolaíochta, agus ag tathant ar AE agus ar a Bhallstáit páirt a ghlacadh i gcomhar níos dlúithe leis an Téaváin; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a áirithiú, trí chomharthaíocht shoiléir agus chomhsheasmhach, nach mbeidh glacadh le haon iarracht an *status quo* i gCaolas na Téaváine a athrú go haontaobhach, go háirithe trí bhíthin fornirt nó comhéigin, agus go mbeidh costais arda ag baint léi; á thabhairt chun suntais nach bhfuil aon bhunús ag éilimh chríche na Síne sa dlí idirnáisiúnta; á cháineadh, thairis sin, go bhfuil bac á chur ag an tSín ar rannpháirtíocht na Téaváine in eagraíochtaí iltaobhacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le rannpháirtíocht fhóinteach na Téaváine in eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha;

31. á athdhearbhú gur comhghuaillí ríthábhachtach é Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) chun iltaobhachas riailbhunaithe a threisiú; ag tacú le hiarrachtaí ASEAN caibidlíocht leis an tSín maidir le cód iompair éifeachtach agus substainteach i Muir na Síne Theas a thabhairt chun críche; ag spreagadh rannpháirtíocht agus comhar feabhsaithe AE le ASEAN agus oibriú i dtreo comhpháirtíocht straitéiseach chuimsitheach;

32. ag tabhairt dá haire gur neartaigh dúshláin gheopholaitiúla leas comhroinnte AE agus na hIndia maidir le slándáil, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a áirithiú; á iarraidh go mbeadh cruinniú mullaigh idir an India agus AE chun an caidreamh déthaobhach a choinneáil mar thosaíocht ar an gclár oibre;

33. ag tathant ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit díriú ar chaidreamh déthaobhach le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo san Afraic, Gána, an Chéinia agus an tSeineagáil i measc comhpháirtithe eile, agus riachtanais agus leasanna frithpháirteacha á gcur san áireamh chun fíor-chomhpháirtíochtaí cothroma a chothú; á chreidiúint gur cheart an prionsabal ‘tuilleann breis tuilleadh’ a chomhtháthú go hiomlán sa chaidreamh le tíortha nach tíortha de AE iad, trína bhforbraíonn AE comhpháirtíochtaí níos láidre leis na tíortha sin a sheasann le prionsabail CBES agus an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC), agus le bunluachanna AE; á iarraidh go bhfreagródh AE d’ionchais na dtíortha comhpháirtíochta agus comhaontuithe polaitiúla leo a bhaint amach go tapa chun a léiriú gur comhpháirtí lárnach agus straitéiseach é AE agus a léiriú gur féidir leis an gcóras idirnáisiúnta riailbhunaithe dul i ngleic le dúshláin

chomhaimseartha;

34. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá leanúint de dhlús a chur le rannpháirtíocht AE le tíortha atá ar aon intinn leis i Meiriceá Laidineach, go háirithe i bhfianaise thionchar méadaitheach na Síne agus na Rúise i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) taidhleoireacht réamhghníomhach a shaothrú sa réigiún, agus béim láidir á leagan ar an ord domhanda iltaobhach, an dlí idirnáisiúnta agus urraim don daonlathas agus do chearta an duine a chosaint;

35. á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí tús áite a thabhairt le linn a théarma don obair le daonlathais atá ar aon intinn agus comhar agus comhairliúchán le comhpháirtithe daonlathacha atá ar aon intinn a chórasú chun ullmhacht choiteann agus rochtain ar acmhainní freagartha ar ghéarchéimeanna a fheabhsú;

36. á chreidiúint ag an am céanna a thábhachtaí atá sé comhghuaillíochtaí nua a fhorbairt, *inter alia* leis na tíortha inár gcomharsanacht agus sa 'Domhan Theas', agus riachtanais agus leasanna frithpháirteacha á gcur san áireamh chun fíor-chomhpháirtíochtaí cothroma a chothú;

Gníomhaíocht AE thar lear a chothú

37. á thabhairt chun suntais ról an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí mar idirghabhálaí idir CBES agus caidreamh seachtrach AE chun an leibhéal is airde comhordaithe agus comhleanúnachais i ngníomhaíocht sheachtrach AE a áirithiú; á chur in iúl gur oth léi, mar sin féin, go bhfuil easpa soiléireachta i gcásanna áirithe maidir le hionadaíocht sheachtrach AE; á chur i bhfáth gur gá inniúlachtaí an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí, Uachtarán an Choimisiúin agus Uachtarán na Comhairle Eorpaí a shainiú go soiléir maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus ionadaíocht AE;

38. á iarraidh go ndéanfaí SEGS – a cheanncheathrú agus toscaireachtaí AE araon – a neartú trí na hacmhainní iomchuí airgeadais agus daonna a sholáthar ionas gur féidir le AE a bheith níos ullmhaithe do dhúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí tograí a chur le chéile go pras maidir le struchtúr oibríochtúil ghníomhaíocht sheachtrach AE amach anseo;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún an straitéis 'Global Gateway' a úsáid go héifeachtach agus go pras mar rogha mhalartach inbhuanaithe ar Thionscnamh Creasa agus Bóthair na Síne agus mar ionstraim chun láithreacht agus infheictheacht AE a mhéadú ar fud an domhain;

40. á athdhearbhú go bhfuil ról lárnach ag an bParlaimint in CBES agus go rannchuidíonn sí go sonrach leis de bhua a taidhleoireachta parlaimintí agus a hionstraimí, a cainéal agus a teagmhálacha ar leith;

41. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar thaidhleoireacht choisctheach AE, lena n-áirítear idirghabháil síochána agus idirphlé, mar uirlis réamhghníomhach beartais eachtraigh; ag tathant ar SEGS cleachtaí ar 'ceachtanna a foghlaimíodh' a dhéanamh;

42. ag athdhearbhú ról Ionadaithe Speisialta AE, a chuireann beartais agus leasanna AE

chun cinn i réigiúin agus i dtíortha sonracha agus a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le CBES níos láidre agus níos éifeachtaí a fhorbairt trí láithreacht ghníomhach pholaitiúil a chur ar fáil do AE i bpríomhthíortha agus i bpríomhréigiúin, ag gníomhú dóibh mar ‘guth’ agus ‘aghaidh’ do AE agus dá bheartais;

43. á chur i bhfios go láidir misin agus oibríochtaí AE thar lear chun an tsíocháin, an tslándáil agus an dul chun cinn a chur chun cinn san Eoraip agus ar fud an domhain; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

    - oibriú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, leis an gCosaiv, le ECAT agus leis na comhpháirtithe eile lena mbaineann, chun go mbeidh fórsaí constáblachta láidre in ann príomhchúraimí uile na slándála inmheánaí a ghlacadh chucu féin sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus sa Chosaiv ó 2026 ar aghaidh, agus chun na tograí a ullmhú le haghaidh misin riachtanacha CBES atá le seoladh in 2025, agus úsáid á baint as Acmhainneacht Mhear-Imscartha (RDC) AE mar atreisiú míleata coisctheach; á mheabhrú gur cheart an caiteachas le haghaidh na mbeart sin, lena n-áirítear caiteachas cúltaca RDC, a mhuirearú ar bhuiséad AE;

    - oibriú leis an gCipir, leis an Tuirc, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Náisiúin Aontaithe chun bearta nithiúla a chur chun feidhme chun an crios maolánach ar an gCipir a dhímhíleatú, agus chun feabhas a chur ar an tslándáil ar an oileán, i measc phobal Gréagach na Cipire agus i measc phobal Turcach na Cipire araon;

    - a athdhearbhú go dtacaíonn sé leis an obair leanúnach atá á déanamh ag Misean Póilíneachta agus Smachta Reachta AE don chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil (EUPOL COPPS) agus ag Misean Cúnaimh Teorann AE (EU BAM) in Rafah i dtaobh cabhrú le hathchóiriú earnáil slándála agus ceartais údaráis na Palaistíne agus le bainistiú comhtháite teorainneacha;

44. á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí obair leantach a dhéanamh ar shamplaí na ngníomhaíochtaí rathúla aslonnaithe sa tSúdáin agus na cosanta consalaí treisithe, agus oibriú i dtreo córas cuimsitheach cosanta do shaoránaigh AE thar lear;

III. An chéad CAI eile agus a fhormhaoirseacht pharlaiminteach

45. á chreidiúint go bhfuil gá le formhaoirseacht pharlaiminteach institiúidithe níos láidre ar ghníomhaíocht sheachtrach AE, lena n-áirítear rochtain rialta agus thráthúil, ach slán, ar fhaisnéis rúnda;

46. á chur i bhfios go láidir, in CBES, ina bhfuil CBSC, go bhfeidhmíonn Parlaimint na hEorpa a feidhm bhuiséadach i gcomhpháirt leis an gComhairle; á mheabhrú go bhfeidhmíonn sí feidhm an rialaithe pholaitiúil agus an chomhairliúcháin pholaitiúil maidir leis na beartais sin dá dtagraítear in Airteagal 36 CAE;

47. á mheabhrú gur cheart caiteachas uile CBES agus CBSC a mhuirearú ar bhuiséad AE, mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt ar bhonn cás ar chás, nó nuair a bhaineann an caiteachas le hoibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu; á aithint gur faoin gComhairle atá sé a chinneadh an oibríocht í gníomhaíocht AE thar lear a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta aici; á chur i bhfios go láidir, i ngach cás eile de chinntí CBES nó CBSC lena mbaineann caiteachas, gur cheart don Chomhairle breithniú a

dhéanamh ar an gcaiteachas a mhuirearú ar bhuiséad AE;

48. á chur i bhfios go láidir gur roghanna bunúsacha i gcónaí iad cinntí CBES nó CBSC lena mbaineann caiteachas do na beartais sin; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa sula ndéanfaidh sé aon tograí den sórt sin le haghaidh chinntí CBES nó CBSC;

49. á mheabhrú go bhfuil dlúthbhaint idir feidhmiú a feidhme buiséadaí ag Parlaimint na hEorpa agus an fheidhm atá aici maidir le rialú polaitiúil agus comhairliúchán polaitiúil; á mheabhrú go mbunaítear le hAirteagal 36 CAE caidreamh sonrach idir an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus Parlaimint na hEorpa, ar réamhriachtanas é don Pharlaimint na feidhmeanna sin a fheidhmiú, agus gur cheart don Leas-Uachtarán/Ardionadaí tacú leis an bParlaimint ina leith sin;

50. á iarraidh ar an gCoimisiún a thograí don chéad CAI eile a thíolacadh sa chéad seimeastar de 2025 chun go mbeidh dóthain ama ann chun na cláir a chaibidliú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hainmníocht bhuiséadach níos mionsonraithe san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus san Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais araon, lena lamháiltear don údarás buiséadach tosaíochtaí beartais agus geografacha a leagan síos faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil;

51. á chur i bhfios go láidir go n-éilíonn gach ábhar a ardaítear thuas freagairt iomchuí ón bhfeidhmeannas; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí freagairt d'iarrataí agus d'ábhair imní na Parlaiminte go pras agus i scríbhinn; á mheas nach féidir le ráitis ó bhéal sa choiste nó sa suí iomlánach a bheith ina bhfreagairt leordhóthanach ach amháin i gcásanna eisceachtúla nó práinneacha; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs dúshlánach geopholaitiúil atá ann faoi láthair, go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint le dlúthchomhar agus comhpháirtíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Leas-Uachtarán/Ardionadaí; ag dréim le malartuithe níos córasaí sula nglacfar sainorduithe agus straitéisí CBES agus le sreabhadh faisnéise feabhsaithe maidir le caibidlíocht agus le cur chun feidhme comhaontuithe idirnáisiúnta, chomh maith le meabhráin tuisceana; ag dréim leis, ina theannta sin, go ndéanfar an Pharlaimint a ionchorprú go héifeachtach ar fud bheartais sheachtracha agus ghníomhaíocht sheachtrach AE mar ghníomhaí lárnach de 'Foireann na hEorpa', agus ar an gcaoi sin taidhleoireacht pharlaiminteach a shlógadh chun tacú le hiarrachtaí an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí;

°

° °

52. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Gach bliain, dréachtaíonn an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha rún maidir le cur chun feidhme an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, mar fhreagairt ar an tuarascáil ó Ardionadaí an Aontais don Bheartas Eachtrach chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála. Déantar measúnú sa rún sin ar chur chun feidhme CBES agus is cuid lárnach é de rannchuidiú Pharlaimint na hEorpa le gníomhaíocht sheachtrach AE, go háirithe maidir leis an gceart treisithe grinnscrúdaithe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa le Conradh Liospóin.

Is é tuarascáil 2024 an chéad rún maidir le cur chun feidhme CBES sa reachtas seo. Dá réir sin, ba cheart go bhfeidhmeodh sí freisin mar threoir do thosaíochtaí Coimisiúin nua agus Ardionadaí nua. Déantar athbhreithniú ar dtús sa tuarascáil ar thuarascáil bhliantúil CBES ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ina dhiaidh sin comhlánaítear í le seasaimh na Parlaiminte maidir le cuspóirí CBES in 2025. Sa chás sin, roghnaigh an Rapóirtéir díriú ar na treochtaí straitéiseacha lena sainítear treoshuíomh foriomlán chomhbheartas eachtrach agus slándála AE agus a chuir leis an ngá atá ag AE a leasanna a shainiú agus feidhm a bhaint as na cumais chun iad a shaothrú. Áirítear orthu sin:

1. iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine,
2. coinbhleacht agus tacú leis an tsíocháin sa Mheánoirthear,
3. comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn, agus
4. infheictheacht ghníomhaíocht AE thar lear.

Forbraítear gach ceann de na pointí sin ar bhealach níos mionsonraithe sa tuarascáil, lena dtugtar treoir d'fheidhmeannais AE amach anseo agus CBES á shainiú acu. Ar deireadh, cuirtear i bhfios le seasamh réamhbhreathnaitheach na Parlaiminte maidir le CBES na príomhéilimh a bhaineann leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile agus an formhaoirseacht pharlaiminteach air.